Fásann EUSPA tuilleadh chun tacú le Bainistiú Tráchta Spáis an AE

EUSPA/PR/23/06 Prág, 3 Iúil 2023

Ós rud é go bhfuiltear ag súil go seolfar níos mó ná 20 000 satailít sna deich mbliana amach romhainn, tá an spás ag éirí níos plódaithe, agus tá an staid an-suntasach sa domhanfhithis íseal (LEO). Ní hamháin go bhfuil flúirse satailítí freagrach as "plódú tráchta spáis ar scála nach bhfacthas riamh cheana" ach is cúis é freisin le méid mór smionagair spáis atá ag méadú ar ráta scanrúil.

De réir an Choimisiúin Eorpaigh, tá níos mó ná milliún mír smionagair atá níos mó ná 1 cm ar fithis timpeall an Domhain faoi láthair, lena n-áirítear scriúnna, satailítí marbha agus comhpháirteanna roicéad spáis. Chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist an phlódaithe spáis, agus ós rud é gur féidir le smionagar spáis damáiste a dhéanamh do shatailítí feidhmiúla atá faoi úinéireacht an AE, amhail Galileo, Copernicus, agus EGNOS agus do chinn atá faoi úinéireacht phríobháideach, agus iad a scriosadh, b'fhéidir, mhol an tAontas le déanaí cur chuige iomlánaíoch maidir le Bainistiú Tráchta Spáis.

Chun tacú leis an tionscnamh seo agus i bhfianaise a shaineolais maidir le soláthar seirbhísí agus bainistiú saincheisteanna slándála, beidh Deasc Fáiltithe um Fhaireachas agus Rianú Spáis (SST) á feidhmiú ag EUSPA ón lá inniu, tar éis Cinneadh ón gCoimisiún Eorpach an 3 Meitheamh 2022.

Cad a dhéanfaidh EUSPA?

Leanfaidh foireann Dheasc Fáiltithe SST an AE de bheith i dteagmháil le húsáideoirí SST – lena n-áirítear úinéirí agus oibreoirí spásárthaí, institiúidí AE agus Ballstáit AE – chun tacú leo an Tairseach thiomnaithe a úsáid agus tairbhe a bhaint as a gcuid seirbhísí. Cuireann an Deasc Fáiltithe faisnéis faoi fheidhmíocht seirbhíse ar fáil do pháirtithe leasmhara áirithe agus cuireann sí úsáid na seirbhísí SST chun cinn.

In éineacht le Comhpháirtíocht SST AE atá comhdhéanta de 15 Bhallstát AE, tacóidh EUSPA le seirbhísí sábháilteachta spáis a sholáthar do bhreis agus **190** eagraíocht chláraithe agus rannchuideoidh sé le comhordú an tráchta spáis trí bhreis agus **400** satailít a chosaint ar an riosca imbhuailte le smionagar spáis nó le satailítí oibríochtúla eile. Ina theannta sin, beidh siad ag brath agus ag déanamh monatóireachta ar bhristeacha sa spás agus ar athiontráil neamhrialaithe ábhar spáis isteach in atmaisféar an Domhain.

Rinneadh an t-aistriú ón oibreoir roimhe seo, SatCen, go réidh chun an tionchar ar úsáideoirí a íoslaghdú oiread agus is féidir. Tar éis an aistrithe, tá seirbhísí á gcur ar fáil de réir mar a bhíothas ag súil leis, agus cuireadh sonraí teagmhála nua Dheasc Chabhrach SST in iúl do na húsáideoirí.

Tá áitreabh nua Dheasc Fáiltithe SST AE lonnaithe in Ionad Faireacháin Slándála Galileo (GSMC) de chuid EUSPA in San Martín de la Vega, Maidrid, an Spáinn.

'Trí dheasc fáiltithe SST EU a bhainistiú, rannchuidíonn EUSPA le cur chuige an AE maidir le Bainistiú Tráchta Spáis, chun tacú le straitéis AE a fhorbairt chun úsáid shábháilte agus inbhuanaithe an spáis a áirithiú agus iomaíochas thionscal spáis an AE á chaomhnú ag an am céanna', a dúirt Stiúrthóir Feidhmiúcháin EUSPA, Rodrigo da Costa.

"Tá Comhpháirtíocht SST EU tiomanta do sheirbhísí poiblí a sholáthar maidir le himbhuailtí a sheachaint, anailís a dhéanamh ar athiontráil agus ar bhloghrú, trí Dheasc Fáiltithe SST AE, chun sábháilteacht oibríochtaí spáis a fheabhsú agus chun cur le hinbhuanaitheacht ghníomhaíochtaí cianspáis go fadtéarmach. I gcomhar le EUSPA, leanfaimid de na húsáideoirí a chur i gcroílár ár dtiomantais," a dúirt Pascal Faucher, Cathaoirleach, Comhpháirtíocht SST AE, Cosaint agus slándáil, CNES.

Cliceáil anseo le tuilleadh faisnéise cúlra a fháil

Tá an fhaisnéis faoi réir Séanta, Fógra Cóipchirt agus Cosaint sonraí pearsanta.

Maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (EUSPA)

Soláthraíonn Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (EUSPA) seirbhísí Eorpacha loingseoireachta satailíte atá sábháilte agus slán, cuireann sí tráchtálú sonraí agus seirbhísí Galileo, EGNOS agus Copernicus chun cinn, comhordaíonn sí clár cumarsáide satailíte rialtais an Aontais GOVSATCOM, agus tá sí i gceannas ar sheirbhís oibríochtaí Dheasc Tosaigh an Chláir um Fhaireachas agus Rianú Spáis (SST) amhail ó 2023. Tá EUSPA freagrach as creidiúnú slándála a dhéanamh ar na comhpháirteanna uile de Chlár Spáis AE. Trí chabhrú le hearnáil spáis atá nuálach agus iomaíoch a fhorbairt agus trí dhul i dteagmháil le pobal iomlán Spáis AE, rannchuidíonn EUSPA leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus leis an aistriú digiteach a bhaint amach agus le sábháilteacht agus slándáil an Aontais agus a chuid saoránach a áirithiú, agus neamhspleáchas agus athléimneacht an Aontais á threisiú aige an tráth céanna.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise:

Marie Ménard, Oifigeach Cumarsáide EUSPA

Marie.Menard@euspa.europa.eu

Teil.: +420 237 766 627 – Fón póca: +420 602 619 776

Tá an fhaisnéis faoi réir Séanta, Fógra Cóipchirt agus Cosaint sonraí pearsanta.